

Todhchaí Níos Sláintiúla Straitéis SFAÉ, 2026 - 2030



Focal ónár gCathaoirleach agus ár bPríomhfheidhmeannach

Ag Seirbhís Fuilistriúcháin na hÉireann (SFAÉ), táimid bródúil as a bheith mar cheannaire iontaofa san earnáil agus mar chomhpháirtí riachtanach cúraim sláinte. Le flaithiúlacht ár ndeontóirí díograiseacha, le saineolas ár bhfórsa saothair agus lenár gcomhpháirtíochtaí cúraim sláinte mar bhunús, cuirimid táirgí fola agus fíocháin ar ardchaighdeán ar fáil do mhuintir na hÉireann.

Tá go leor cúiseanna bróid againn - ní hamháin ár seasca bliain de sheirbhís don phobal agus don chóras cúraim sláinte in Éirinn, ach freisin ár bhfeidhmíocht láidir maidir le tosaíochtaí ár straitéisí roimhe seo, Ceangail Fhóinteacha – SFAÉ a fhorbairt 2021–2025. Le linn an timthrialla straitéise dheireanaigh, choinníomar soláthar sábháilte, iontaofa de tháirgí fola agus fíocháin agus chuireamar tionscnaimh thábhachtacha chun cinn a bheith mar bhonn taca dár gcuid oibre amach anseo. Áirítear leo seo plasma Éireannach a thabhairt isteach arís le haghaidh úsáid theiripeach, ionchuimsiú na ndeontóirí a leathnú trí mheasúnú riosca ar dheontóirí aonair agus tástáil maláire, éifeachtúlacht na tástála a fheabhsú trí phróisis fhianaise-bhunaithe agus trí theicneolaíochtaí nua-aimseartha, agus ullmhú chun Banc Súl na hÉireann a athoscailt. Tá na héachtaí seo le feiceáil i dteannta le méadú ar shásamh fostaíochta na foirne, bród ard leanúnach i measc na bhfostaithe, agus athrú suntasach i dtreo cultúr eagraíochtúil níos oscailte, foghlama agus comhoibríoch. Baineadh na héachtaí seo amach le linn cuid de na tréimhsí suaite is dúshlánaí le blianta beaga anuas.

Is deis iontach í forbairt straitéise nua chun machnamh a dhéanamh ar ár bpríomhchuspóir, ar na seirbhísí rithábhachtacha a chuirimid ar fáil, ar an gcaoi a gcuirimid ar fáil iad, agus ar na luachanna a threoraíonn sinn gach lá. Tá cur chuige comhoibríoch agus cuimsitheach glactha ag an mBord agus ag an bhFeidhmeannas maidir le forbairt na straitéise seo. Mhúnláigh guthanna réimse leathan páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha í, agus táimid buíoch as an léargas agus an saineolas a chuir gach duine a bhí páirteach inti ar fáil.




Leagtar amach in Todhchaí Níos Sláintiúla – Straitéis SFAÉ, 2026–2030 treo uailmhianach do na blianta amach romhainn. Tógann ár straitéis ar an dul chun cinn atá déanta againn go dtí seo agus leagann sí amach ár dtreo i dtimpeallacht atá faoi thionchar éagobhsaíochta domhanda atá ag dul i méid, ionchais atá ag dul i méid inár bpobail, costais agus éileamh méadaithe ar sheirbhísí sláinte, riachtanais othar atá ag athrú, claochlú digiteach tapa, agus cumhacht na sonraí chun cabhrú linn cinntí níos fearr a dhéanamh. Léiríonn ár straitéis an rogha straitéiseach chun ár mbunsraitheanna lárnacha a neartú chun athléimneacht a chinntiú agus sinn ag freagairt do na tionchair seo, agus ag an am céanna díriú ar ár bpríomhchuspóir mar ghníomhaireacht iontaofa na hÉireann a bhfuil freagracht reachtúil uirthi as soláthar fola.

Tá ár straitéis bunaithe ar cheithre phríomhréimse straitéiseacha, agus tacaítear le gach ceann acu le cuspóirí soiléire agus torthaí intomhaiste. Sna cúig bliana amach romhainn, déanfaimid:

- > Ár mbunachar deontóirí, ár dtáirgí agus ár seirbhísí a fhás agus a éagsúlú chun freastal ar riachtanais othar agus ar riachtanais ár gcomhpháirtithe cúraim sláinte;
- > Athléimneacht oibríochtúil a bharrfheabhsú chun bonn láidir a chinntiú le haghaidh fáis inbhuanaithe;
- > Ár bhfórsa saothair a ullmhú don todhchaí trí na scileanna agus an tacaíocht a thabhairt dár ndaoine chun freastal ar éilimh an lae amárach, trí infheistíocht leanúnach inár nDaoine, inár gCultúr agus inár gCumais;
- > Nuálaíocht spriocdhírthe a chur chun cinn chun dúshláin tosaíochta a réiteach trí leas a bhaint as léargais taighde, comhpháirtíochtaí straitéiseacha, agus tionscadail phíolótacha faoi stiúir fostaithe.

Is í ár straitéis ár dtreochlár coiteann — ag treorú ár dtreo agus sinn ag freagairt do thimpeallacht atá ag athrú go tapa. Táimid ag súil le bheith ag obair lenár bpobal deontóirí flaithiúla, lenár bhfoirne ardoilte díograiseacha, agus lenár gcomhpháirtithe cúraim sláinte náisiúnta agus idirnáisiúnta chun uailmhianta an phlean straitéisigh seo a bhaint amach. Le chéile, táimid tiomanta ár straitéis a chur i bhfeidhm chun todhchaí níos sláintiúla a bhaint amach, á cothú ag gach deonú a athraíonn saol daoine.


Deirdre-Ann Barr
Cathaoirleach


Orla O'Brien
Príomhfheidhmeannach

Cé sinn féin agus cad a dhéanaimid



Is gníomhaireacht stáit neamhthráchtála é SFAÉ atá freagrach as fuil agus táirgí fola a bhailiú, a thástáil, a phróiseáil agus a dháileadh laistigh de Phoblacht na hÉireann. Táimid freagrach freisin as Clárlann Smeara Neamhghaolmhair na hÉireann agus an Banc Fíocháin. Bíimid ag brath go hiomlán ar ár bpobal deontóirí deonacha neamhíoctha chun dóthain deonuithe a chur ar fáil chun soláthar comhsheasmhach fola agus táirgí fola a chinntiú d'othair. Tá ár dtáirgí agus ár seirbhísí riachtanach don chúram sláinte agus bíonn tionchar acu ar chúram othar thar raon leathan speisialtachtaí leighis agus máinliachta. Déantar an tseirbhís a mhaoiniú trí tháillí a ghearradh ar ospidéal as ár dtáirgí agus seirbhísí ar phraghas a shocraítear leis an Roinn Sláinte.



Ár nDeontóirí - tá pobal againn de:

77,000 Deontóir Fola, le **11,500** deontóir nua gach bliain

2,200 Deontóir pláitíní

30,000 deontóir féideartha cláraithe ar Chlárlann Smeara Neamhghaolmhair na hÉireann, agus breis is 2000 deontóir nua curtha leis an gclárlann anuraidh

Deontóirí dílse - bhain **900+** deontóir fola 50 deonú amach, bhain **100+** 100 deonú amach, agus bhain deontóirí pláitíní garsprioscanna **400, 500, 600** agus **700** deonú amach



Ár gClinicí - tá an méid seo a leanas againn:

6 ionad bailithe fola soghluaiste agus **3** ionad bailithe fola seasta

2 ionad seasta bailithe pláitíní aifréise

breis agus **230** ionad clinice éagsúla ar fud na tíre

Breis agus **1,800** clinic gach bliain

Breis agus **164,000** freastal agus **140,000** deonú déanta inár gclinicí gach bliain



Ár dTáirgí - cuirimid an méid seo a leanas ar fáil:

Comhábhair fola: Eisíodh breis agus **122,000** aonad ceall dearg agus **23,000** aonad pláitíní chuig ospidéal

Táirgí leighis: Eisíodh breis agus **17,000** aonad LG-Octaplas agus **10,000** aonad Fibrinigine chuig ospidéal

Táirgí fíocháin: **247** coirne allmhairithe a chuir ar chumas trasphlanduithe chun an radharc súl a shábháil d'othair in Éirinn; **104** fíochán scléara nódaithe a úsáideadh chun sláinte na súl a athbhunú; **136** aonad de Bhraonta Súl Séirim eisithe chun galar súl tirim tromchúiseach a chóireáil; **66** comhla croí curtha ar fáil d'obráidí cairdiacha a thabharfadh daoine saor ón mbás; **57,000 cm²** de chraiceann daonna eisithe chun othair le dónna tromchúiseacha a chóireáil; **106** nódaithe fíocháin dhaonna eisithe do chóireálacha súl



Ár dTaighde - tá:

20+ comhoibriú leanúnach againn le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta



Ár dTiomantas don Inbhuanaitheacht:

7 as na **20** feithicil inár bhflít aistrithe go hola phlandúil hidreachóireáilte

6 Shaotharlann Deimhnithe ag MyGreen Lab

Marc Taistil Níos Cliste an Údaráis Náisiúnta Iompair - **1** de na chéad **100** eagraíocht in Éirinn a rinne amhlaidh



Ár nDaoine - tá:

640+ gairmí ardcháilithe ar fud **9** láthair

Ár bhFaightheoirí



Bíonn tionchar suntasach ag ár dtáirgí agus ár seirbhísí ar shaol othar agus a dteaghlach. Faigheann thart ar 70,000 duine fuilaidriú agus 26,000 aistriú pláitíní gach bliain in Éirinn. Is iad na hothair an fáth go bhfuilimid ann. Déanaimid ár ndícheall gach lá a sláinte a fheabhsú trí tháirgí fola agus fíocháin atá sábháilte, ar ardchaighdeán agus éagsúil a sholáthar, agus trí thacaíocht a thabhairt d'fhoirne cúraim sláinte le saíneolas agus sainseirbhísí chun go mbeidh siad in ann an cúram is fearr agus is féidir a chur ar fáil.



Rugadh Fiadh le galar haemalaíoch na naíonán nuabheirthe agus chaith sí a chéad seachtainí san Aonad Leanaí Nuabheirthe in Ospidéal Máithreachais na hOllscoile, Corcaigh. Agus í díreach 13 lá d'aois, chabhraigh fuilaidriú léi ní hamháin teacht slán ón mbás, ach bláthú freisin. Gabhann a máthair, Sarah, buíochas leis na daoine go léir a chabhraigh lena chinntiú go bhfuil Fiadh linn inniu: "Tá Fiadh 3 bliana d'aois anois agus tá sí ag tosú na naíonra. Táim fíorbhuíoch go deo de dheontóirí fola, de Sheirbhís Fuilaidriúcháin na hÉireann, agus den fhoireann iontach in Ospidéal Máithreachais na hOllscoile, Corcaigh."



In 2023, diagnósíodh Neil go raibh siondróm miailidíospáiseach air, a d'fhorbair ina ghéarleicéime mhialóideach faoi thús 2024. Bhí thart ar 50 fuilaidriú ag teastáil uaidh le teacht slán agus tá sé thar a bheith buíoch de na deontóirí, agus aithníonn sé an tionchar atá acu chun daoine a thabhairt slán ón mbás. I mí na Nollag 2024, fuair sé trasphlandú gascheall ó dheontóir neamhghaolmhar 21 bliain d'aois. Déanann sé cur síos ar 2025 mar an bhliain is fearr a bhí aige ag lua chineáltas na ndeontóirí mar chúis leis agus spreagann sé daoine eile chun deonú a thabhairt agus leagann sé béim ar an gcumas atá acu chun beatha a shábháil.

Ár nDeontóirí




Sábhálann agus feabhsaíonn ár ndeontóirí beatha le gach deonú flaithiúil. Bímid ag brath ar ár ndeontóirí deonacha neamhíoctha chun dóthain deonuithe a chur ar fáil chun freastal ar riachtanais othar agus chun seirbhísí cúraim sláinte riachtanacha a sholáthar.



Táim bródúil agus cuireann sé iontas orm gur féidir le mo chorp, gan aon dua, dóthain fola a tháirgeadh chun mé a choinneáil sláintiúil, agus í a dheonú dóibh siúd atá i ngátar. Deonaím fuil mar go gcabhraíonn cuid díom, go litriúil, le duine eile. Tá an próiseas réidh agus gan phian, agus bíonn daoine tacúil agus cineálta. Is léiriú é ar leochaileacht agus ar an gcuid is fearr den daonnacht.

Joanna - Deontóir fola



Tá áthas orm a bheith in ann rud éigin a thabhairt ar ais ar bhealach beag do dhaoine atá i ngátar, mar níl a fhios agat cathain a bheidh tú féin sa riocht sin. Tá an próiseas fíor-éasca agus tá na hionaid an-eagraithe. Tá gach duine ar bhuaile mé leo ar an mbealach chomh cabhrach agus chomh dearfach sin. Is buntáiste mór é go bhfaigheann tú teachtaireacht téacs ag insint duit cathain agus cá háit ar úsáideadh do chuid fola, mar cuireann sé go mór leis an gcúis a ndéanaim é dom féin. Cuireann sé duine ar an taobh eile. Dhéanfainn é níos minice dá bhféadfainn, agus is oth liom nár thosaigh mé ag deonú níos luaithe.

Muirinn - Deontóir fola



Is ó mo mháthair bhaiste a chuala mé faoi fhuil a thabhairt ar dtús. Nuair nach raibh sí ábalta deonú a dhéanamh a thuilleadh, spreag sí mé chun dul ann. Thug mé mo chéad deonú 2 bhliain ó shin, agus ba phróiseas simplí agus gan phian. Tar éis mo chéad deonaithe, tháinig fear chugam agus ghabh sé buíochas liom as deonú a thabhairt, mar gur shábháil deonuithe saol a mhná céile. Fuair mé teachtaireacht ansin ag rá go raibh mo chuid fola imithe chuig leanbh. As sin amach, mhothaigh mé gur rud é deonú fola a bhí orm a dhéanamh. Sábhálann deonú beatha daoine, agus sin é an fáth a ndéanaim.

Michael - Deontóir fola

Ár dTáirgí



Fuil Iomlán

Téann gach deonú níos faide: Trí dheonú amháin a roinnt ina thrí chomhpháirt – cealla dearga, plasma agus pláitíní, cinntímid go mbaineann níos mó othar tairbhe as. Déantar gach deonú fola iomláine a scaradh laistigh de 24 uair an chloig ón mbailiú agus bíonn siad ar fáil d'othair chomh luath agus an lá dar gcionn.

Cealla Dearga

Iompróirí Riachtanacha Ocsaigine: Iompraíonn na táirgí seo ocsaigin tríd an gcorp, ag cabhrú le daoine téarnamh ó chaillteanas suntasach fola nó le hainéime thromchúiseach a chóireáil. Cabhraíonn siad le daoine i gcásanna éigeandála, le mná le linn lú seoil, nó le daoine atá á gcóireáil in aghaidh ailse nó galair fola.

Pláitíní

Ríthábhachtach don Téachtadh: Cabhraíonn pláitíní le créachtaí a leigheas agus le stop a chur le fuiliú. Tá pláitíní ríthábhachtach do dhaoine a bhfuil cóireálacha á gcur orthu cosúil le ceimiteiripe, ag teacht slán ó obráidí nó tráma mór, nó atá ag fáil trasphlandú smeara.

Plasma Úr-Reoite

Sreabhán a Shábhálann Beatha daoine: Tacaíonn plasma, an chuid leachtach den fhuil, le téachtadh agus le himdhíonacht. Úsáidtear é chun leibhéil ísle nó easnamh próitéiní téachtaithe fola a athsholáthar i réimse cásanna leighis agus máinliachta, lena n-áirítear cúram tráma.

Granalaicítí (Leocaicítí)

Ag Troid in aghaidh Ionfhabhtuithe: Soláthraíonn na táirgí ceall bán seo, a ndéantar próiseáil chúramach orthu, tacaíocht ríthábhachtach d'othair a bhfuil a gcórais imdhíonachta lagaithe – ag cabhrú leo dul i ngleic le hionfhabhtuithe lena mbaineann baol báis.

Crióidheascán

Cumhacht Téachta Tiubhaithe: Lán de fhachtóirí téachta, úsáidtear an táirge seo chun neamhoird fhuilithe a chóireáil, go háirithe i gcásanna casta amhail cúram nuabheirthe.

Comhábhair fola modhnaithe

Roghanna Speisialaithe agus Próiseáil Ardleibhéil: Is féidir comhábhair fola a mhodhnú agus a oiriúnú chun freastal ar riachtanais shonracha othar – ó fhéatais go daoine fásta, i gcásanna éigeandála nó i gcúram ainsealach. Áirítear sna héagsúlachtaí aonaid cheall dearg ionradaithe, nite, nó páirteacha, chomh maith le haonaid scoilte chun úsáid éifeachtúil a chinntiú nó chun iad a úsáid go sábháilte i naíonáin agus i gcásanna cliniciúla íogaire.

Comhábhair Fola d'othair Ainmnithe

Comhábhair fola shainmheaitseáilte: Déanaimid othair a bhfuil riachtanais imdhíoneolaíocha shonracha acu a imscrúdú, a anailísiú agus a mheaitseáil leis na cealla dearga nó na pláitíní is gaire ó thaobh meaitseála de. Tugann sé seo an toradh is fearr agus is féidir d'othair óna bhfuilistriú agus baineann sé le comhordú cúramach idir an deontóir agus an t-othar.

Plasma le haghaidh Cógais

Cógais a shábhálann beatha daoine: Déanaimid plasma ó dheonaithe fola iomláin a sheachadadh chuig codánóir plasma chun cógais a dhéanamh d'othair. Úsáidtear na táirgí seo chun réimse leathan riochtaí a chóireáil, lena n-áirítear neamhoird imdhíonachta, neamhoird néareolaíocha, neamhoird fola agus galair thógálacha. Faoi láthair, cuirimid LG-Octaplas agus tíuchan Fibrinigin ar fáil d'othair in Éirinn.

Braonta Súl Séirim

Séiream le haghaidh deora: Déantar séiream ó fhuil dheonaithe a phróiseáil agus a chaolú le sailíne chun braonta súl séirim a dhéanamh. Úsáidtear na braonta súl seo mar dheora shaorga chun othair a bhfuil súile tirim tromchúiseacha acu agus nach bhfuil cóireáil thraidisiúnta ag obair dóibh.

Fíochán Súl

Bronntanas an radhairc: Cuimsíonn ár mBanc Fíocháin Banc Súl na hÉireann, a bhailíonn, a thástálann, a phróiseálann, a chaomhnaíonn, a stóráilann agus a dháileann fíocháin súl dheonaithe chun radharc a athbhunú. Soláthraíonn Banc Súl na hÉireann coirní agus fíochán scléara.

Comhlaí

Croíthe á ndeisiú: Cuimsíonn ár mBanc Fíocháin Banc Comhlaí Croí na hÉireann, a thástálann, a phróiseálann, a chaomhnaíonn, a stóráilann agus a dháileann comhlaí croí deonaithe. Is rogha mhalartach bhitheolaíoch iad na Comhlaí Croí Daonna seo in ionad athchur comhla mheicniúla, agus úsáidtear iad chun comhlaí croí atá damáistithe nó míchumtha a athchur nó a athchruthú.

Ár Seirbhísí



An tSaotharlann Náisiúnta Scaghástála Deontóirí

Déanaimid tástáil ar bhreis agus 140,000 deonú fola gach bliain lena chinntiú go bhfuil siad sábháilte agus oiriúnach d'othair. Ag baint úsáide as uathobriú ardleibhéal, déanann ár saotharlanna gach deonú a sheiceáil le haghaidh ionfhabhtuithe agus deimhníonn siad comhoiriúnacht an ghrúpa fola. Tá na tástálacha seo riachtanach chun othair a chosaint ar dheacrachtaí tromchúiseacha le linn an fhuilastriithe. Ní scaoiltear chuig ospidéal ach amháin deonuithe a chomhlíonann na caighdeáin is airde sábháilteachta agus cáilíochta. Cinntíonn an obair seo go bhfaigheann othair fuil atá sábháilte, meaitseáilte go cruinn, agus a shábhálann beatha.

An tSaotharlann Imdhíon-Heamaiteolaíochta Cealla Dearga (HICD)

Tacaíonn an tSaotharlann HICD le hospidéal ar fud na hÉireann trí shaintástáil i gcásanna casta fuilastriithe. Cabhraimid lena chinntiú go mbíonn fuilastriithe sábháilte d'othair a bhfuil grúpaí fola neamhchoitianta nó casta acu trí antasubstaintí a d'fhéadfadh frithghníomhartha a chur faoi deara a aithint. Imríonn an tSaotharlann ról lárnach freisin i mbainistiú toircheas ardriosca trí mhonatóireacht a dhéanamh ar antasubstaintí a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar leanaí sa bhroinn. Le rochtain ar shamplaí fola agus ar imoibrithe neamhchoitianta, is féidir linn meaitseálacha cruinne a chur ar fáil agus aonaid neamhchoitianta a aimsiú nuair is gá – rud a fheabhsaíonn sábháilteacht othar go díreach.

An tSaotharlann Tagartha Náisiúnta um Histea-Chomhoiriúnachta agus Imdhíon-Chéineolaíochta

Tacaíonn an tSaotharlann seo le hothair atá ag dul faoi thrasphlandú gascheall agus smeara. Déanaimid tástálacha bunaithe ar DNA chun na deontóirí is oiriúnaí a aithint agus chun antasubstaintí a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar rath an trasphlandaithe a imscrúdú. Tacaímid freisin le meaitseáil pláitíní d'othair atá i mbaol deacrachtaí fuilastriithe. Trí thorthaí tapa agus cruinne a chur ar fáil, cabhraimid le hospidéal cinnti eolasacha a dhéanamh agus torthaí cóireála d'othair trasphlandaithe ar fud na hÉireann a fheabhsú.

An tSaotharlann Ghéineolaíochta Fuilghrúpa

Úsáideann ár Seirbhís Géineolaíochta Fuilghrúpa tástáil DNA chun fuilghrúpaí a aithint go cruinn i ndeontóirí agus in othair. Tá sé seo thar a bheith úsáideach nuair nach bhfuil gnáththíopáil fola soiléir nó nuair a bhíonn éagsúlachtaí neamhchoitianta i bhfuilghrúpaí i gceist. Cuirimid ar fáil tástáil neamhionrach freisin le linn toirchis chun fuilghrúpa an linbh a chinneadh, rud a chabhraíonn le cúram a threorú agus le deacrachtaí a chosc. An toradh: fuilastriithe níos sábháilte, fuil atá meaitseáilte ar bhealach níos fearr, agus feabhas a chur ar thorthaí othar – go háirithe i gcásanna casta nó ardriosca.

An tSaotharlann Diagnóisice um Chromhemitseáil – Ionad SFAÉ, Corcaigh

Tacaíonn ár Saotharlann Diagnóisice i gCorcaigh le hospidéal ar fud na Mumhan le réimse seirbhísí tástála fola. Déanaimid bainistiú ar ghnáthchásanna agus ar chásanna casta araon, ag cinntiú go bhfaigheann othair fuil atá sábháilte agus comhoiriúnach – go háirithe iad siúd a bhfuil fuilghrúpaí neamhchoitianta nó deacrachtaí antasubstaintí acu. Freagraíonn an tSaotharlann do chásanna práinneacha ar nós frithghníomhartha fuilastriithe agus cuireann sí sainchomhairle chliniciúil ar fáil. I gcomhar le hospidéal agus le saotharlanna tagartha náisiúnta agus idirnáisiúnta, cinntimid go bhfaigheann fiú na hothair is casta an cúram is sábháilte.

Banc Fíocháin

Soláthraíonn an Banc Fíocháin fíochán daonna atá scagtha go dian agus próiseáilte go cliniciúil d'ospidéal le haghaidh úsáid theiripeach. Áirítear leis seo craiceann, comhlaí croí, agus fíochán súl a fhaightear ó dheontóirí Éireannacha agus idirnáisiúnta. Déantar gach ábhar a láimhseáil i dtimpeallachtaí seomraí glana deimhnithe faoi chaighdeáin rialála agus cáilíochta dhochta. Tacaíonn na nóduithe seo le hidirghabhálacha máinliachta riachtanacha – ag éascú cneasú créachta, athchóiriú súl agus deisiú cairdiach – ag cabhrú le feabhas a chur ar théarnamh othar agus ar thorthaí máinliachta ar fud na tíre.

Clárlann Smeara Neamhghaolmhair na hÉireann

Cabhraíonn Clárlann Smeara Neamhghaolmhair na hÉireann (CSNÉ) le hothair deontóir comhoiriúnach a thabharfadh saor ón mbás iad a aimsiú. Is féidir le trasphlandú gascheall a bheith ina rogha cóireála do níos mó ná 80 galar agus neamhord. Tugann gach duine a chláraíonn seans níos fearr d'othar atá i ngátar teacht ar mheaitseáil oiriúnach don chóireáil seo a shábhálann beatha daoine. Is í Clárlann Smeara Neamhghaolmhair na hÉireann (CSNÉ) an Mol Náisiúnta de Chumann Deontóirí Smeara an Domhain agus tá sí freagrach as iarratais ar dheontóirí a phróiseáil ó Éirinn agus ó thar lear, chomh maith le gníomhaíochtaí ionad deontóirí, bailithe agus trasphlandaithe a chomhordú sna tíortha lena mbaineann.

Seirbhísí Cliniciúla, Comhairle agus Treoir


Cuireann ár bhfoireann leighis sainchomhairle ar fáil do ghairmithe cúraim sláinte maidir le gach gné de leigheas fuilaisríocháin. Treoraímid úsáid shábháilte agus chuí táirgí fola do ghrúpaí éagsúla othar, tacaímid le bainistíocht fola othar, agus cuirimid dea-chleachtas chun cinn i leigheas fuilaisríocháin in ospidéal ar fud na hÉireann. Cabhraímid freisin le fuilaisríthe neamhriachtanacha a laghdú agus cuirimid malairtí níos sábháilte ar fáil nuair is féidir. Trí dhlúthchomhoibriú le cliniceoirí, tacaímid le cinnteoireacht níos fearr, le torthaí níos fearr d'othair, agus le soláthar seirbhísí fuilaisríocháin ar ardchaighdeán ar fud na tíre. Cuireann Ionad SFAÉ Chorcaí Seirbhís um Aifréis Theiripeach ar fáil d'othair ar fud Chúige Mumhan i gcomhar le hOspidéal na hOllscoile, Corcaigh agus Ospidéal Ollscoile na Trócaire. Ag baint úsáide as trealamh soghluaiste ardleibhéil agus prótacail atá bunaithe ar fhianaise, cuireann an tseirbhís cúram aonair ar fáil do riochtaí a éilíonn malartú plasma nó ceall dearg.

Taighde agus Forbairt

Tá ról ríthábhachtach ag ár bhfeidhm Taighde agus Forbartha ag cur leigheas fuilaisríocháin agus trasphlandaithe chun cinn in Éirinn. Tacaíonn sí le taighde nuálach a cheadaítear go heiticiúil agus a chuireann le sábháilteacht, le héifeachtacht agus le hinrochtaineacht seirbhísí fola agus fíocháin. Cumasaíonn sí taighde ar shláinte trí ábhair dheonaithe nach féidir a úsáid go cliniciúil a chur ar fáil, faoi rialacha soiléire maidir le toiliú agus cosaint sonraí. Trína haschur eolaíoch, comhpháirtíochtaí náisiúnta agus a tiomantas do dhea-chleachtas, cuireann ár bhfeidhm Taighde agus Forbartha le beartas bunaithe ar fhianaise, feabhsaíonn sí torthaí cliniciúla, agus neartaíonn sí seasamh na hÉireann i dtaighde ar an bhfuilaisríochán ar fud an domhain.



Ár dTionchair



Tá ár dtimpeallacht oibriúcháin ag athrú i gcónaí, agus tá luas an athraithe ag dul i dtreise agus é le leanúint ar aghaidh. Trínár gcomhpháirtíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta, coinnimid ar an eolas sinn féin faoi na dúshlán a bhíonn roimh bhunaíochtaí fola agus fíocháin, nuálaíochtaí sa teicneolaíocht agus sa chleachtas, fianaise nua atá ag teacht chun cinn agus a himpleachtaí don chleachtas cliniúil, agus roinnimid an fhoghlaim. Le linn na gcúig bliana den straitéis seo, tuigimid go múnlóidh athruithe áirithe ár bhfócas trí dheiseanna a chruthú nó trí dhúshlán a thabhairt dár seirbhís chun fás agus forbairt. Déantar achoimre thíos ar na tionchair seo.

Tírdhreach rialála a mhúnlaíonn ár dtodhchaí

Tá reachtaíocht AE agus Náisiúnta ag forbairt go mear agus ag athmhúnlú an tírdhreacha straitéisigh d'fhorais fola. Beidh uasghrúduithe móra digiteacha, cáilíochta agus comhlíonta ag teastáil faoin Rialachán SoHO atá le teacht chun ailíniú le creat

aonfhoirmeach AE do shubstaintí de bhunadh daonna. Ardóidh reachtaíocht nua maidir le sonraí, digiteachas agus cibearshlándaíl – lena n-áirítear an Rialachán maidir leis an Spás Eorpach Sonraí Sláinte, Treoir NIS-2, agus Acht AI an AE – na ceanglais maidir le rialachas, cosaint sonraí agus maoirseacht teicneolaíochta, agus ag an am céanna cruthaítear deiseanna do nuálaíocht, idir-inoibritheacht agus taighde. Ag an am céanna, cuirfidh sainorduithe gníomhaithe aeráide samhlacha oibriúcháin níos inbhuanaithe chun cinn, agus beidh tionchar acu ar infheistíocht agus ar chinnteoireacht straitéiseach sa chéad timthriall planála eile.

Fachtóirí cliniúla a spreagann an t-athrú

Tá athchóirithe sa chóras sláinte agus tionscnaimh chun acmhainn a fheabhsú, lena n-áirítear cur i bhfeidhm Sláintecare, tionscnaimh maidir le liostaí feithimh, agus an tAcht um Fhíochán Daonna 2024, ag méadú an éilimh ar sheirbhísí fola, fíocháin agus sainsaotharlanna, go príomha trí gníomhaíocht mháinliachta agus trasphlandaithe mhéadaithe. Éilíonn na forbairtí seo planáil straitéiseach acmhainne agus ailíniú le samhlacha soláthair chúraim sláinte atá ag teacht chun cinn.

Athrú Déimeagrafach agus Éagsúlacht Deontóirí

Tá daonra othar atá ag dul in aois agus ag éirí níos casta ag cur leis an éileamh ar fhuil atá meaitseáilte go beacht, ar thástáil ardleibhéil, agus ar thacaíocht chliniciúil shaineolach. Éilíonn éagsúlacht an daonra atá ag dul i méid cur chuige níos cuimsithí maidir le hearcú deontóirí, tástáil agus scagthástáil. Tá sé seo riachtanach chun soláthar fola a chinntiú a

fhreagraíonn do dhéimeagrafaic atá ag athrú agus do riachtanais chliniciúla na hÉireann, rud a chuireann ar ár gcumas rochtain chothrom a sholáthar do chách, agus sábháilteacht agus cáilíocht a choimeád i gcónaí.

Dul chun cinn i dTeiripí Móilíneacha agus Ceallacha

Tá diagnóisic mhóilíneach atá ag teacht chun cinn agus Táirgí Íocshláinte Ardteiripe ag athrú cleachtas cliniúil, ag méadú an éilimh ar tháirgí fola ardchruinnis agus ar thástáil speisialta. Tá SFAÉ ar cheann de na heagraíochtaí comhoibríocha sa Chuibhreannas 'Ionad Leigheasra na hÉireann um Theiripí Ceallacha Ardleibhéil Phearsantaithe' (IMPACT). Cuireann rannpháirtíocht ghníomhach sa chuibhreannas IMPACT SFAÉ i suíomh straitéiseach chun ról lárnach a bheith aige chun tacú le bonneagar ATMP na hÉireann sa todhchaí.

Fuilistriú Beacht agus Bainistíocht Fola

Tá ospidéal na hÉireann ag glacadh le Bainistíocht Fola Othar (BFO) ar bhealach níos gníomhaí, lena n-áirítear tairseacha sriantacha maidir le fuilistriú, teicnící máinliachta chun cailteanas fola a laghdú, agus roghanna malartacha cógaseolaíocha. Tá béim níos mó ar mheaitseáil bunaithe ar an bhfeinitíopa agus ar an ngéinitíopa in othair ardriosca, chun frithghníomhartha fuilistrithe agus foirmiú antashubstaintí a laghdú. Leagann an fócas seo béim ar an ngá le ról SFAÉ a neartú mar chomhpháirtí riachtanach i soláthar cúraim sláinte, trí thacaíocht chliniciúil agus oideachas a chur ar fáil d'ospidéal maidir leis na cleachtais is fearr maidir le fuilistriú,

trí rannchuidiú le forbairt uirlisí tacaíochta cinnteoireachta agus treoirínte, agus trí oibriú i dtreo comhtháthú sonraí níos fearr le hospidéal chun infheictheacht náisiúnta ar leibhéal stoic, úsáid fola agus inrianaitheacht a chinntiú.

Ionchais deontóirí agus athruithe sóisialta

Tá dinimic shóisialta atá ag athrú ag athmhúnlú rannpháirtíocht deontóirí, agus ardáin dhigiteacha ag cur leis an ngá atá le cumarsáid níos spriocdhírthe agus níos freagrúla, chomh maith le cur chuige réamhghníomhach i gcoinne mífhaisnéise sláinte. Tá luachanna, stíleanna maireachtála agus patrúin oibre atá ag athrú ag athmhúnlú an chaoi a roghnaíonn



daoine páirt a ghlacadh i ndeiseanna chun deonú a dhéanamh. Éilíonn sé seo samhlacha nuálacha, solúbtha deonacháin atá ailínithe le hiompar nua-aimseartha. Tá sé ríthábhachtach feacht an phobail a fheabhsú ar an ról lárnach atá ag deonú fola sa chúram sláinte, agus ag an am céanna deonú a dhéanamh níos inrochtana agus níos áisiúla, chun rannpháirtíocht a choimeád agus soláthar fola seasmhach a chinntiú.

Eispéiris á bhfeabhsú tríd an gclaoclú digiteach

Tá dul chun cinn tapa sa teicneolaíocht, lena n-áirítear uirlisí digiteacha, uathoibriú agus intleacht shaorga, ag athmhúnlú ionchais maidir le heispéireas réidh, digiteach do dheontóirí agus do chustaiméirí. Beidh sé ríthábhachtach an bonneagar digiteach lárnach a neartú agus plean soiléir claochlaithe a chur chun cinn chun éifeachtúlacht, slándáil agus cáilíocht seirbhíse a fheabhsú do dheontóirí, d'ospidéal agus d'fhoireann araon.

Brúnna eacnamaíoch

Cuirfidh brúnna eacnamaíoch, lena n-áirítear méadú ar chostais saothair, comhlíonta agus oibríochta, i dteannta srianta féideartha ar mhaoiniú an chórais sláinte, dúshlán shuntasacha roimh inbhuanaitheacht airgeadais. Éilíonn na dinimicí seo fócas straitéiseach ar bharrfheabhsú próiseas LEAN, ar fheabhsuithe táirgiúlachta, agus ar rialtáin dhochta ar luach ar airgead chun éifeachtúlacht oibríochtúil agus athléimneacht a choimeád.

Dinimicí geopholaitiúla agus athléimneacht an tsoláthair

Cuireann dinimicí geopholaitiúla atá ag athrú i gcónaí béim ar an ngá atá le leanúnachas gnó a neartú, le hathléimneacht an tslabhra soláthair a fheabhsú, agus le hullmhacht do ghéarchéimeanna a threisiú. De réir mar atá an Eoraip ag iarraidh spleáchas ar

tháirgí míochaine díorthaithe as plasma allmhairithe a laghdú, tá barrfheabhsú bailiú agus próiseáil plasma anois ina thosaíocht straitéiseach. Cuireann an t-athrú seo deis thábhachtach ar fáil do SFAÉ dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara agus dul chun cinn a dhéanamh chun clár náisiúnta aifreíse fuilphlasma a bhunú, ag baint leasa as an rath a bhí againn le déanaí maidir le cumais láimhseála agus stórála plasma chomhlíontacha a athbhunú.

Athruithe Comhshaoil agus Aeráide

Tá athrú aeráide agus soghluaisteacht dhomhanda atá ag méadú ag athrú patrúin galair thógálaigh, ag cruthú rioscaí nua agus rioscaí atá ag teacht chun cinn, le himpleachtaí díreacha do straitéisí scagtha agus tástála deontóirí. Beidh monatóireacht réamhghníomhach agus beartais scagtha oiriúnaitheacha riachtanach chun a chinntiú go bhfanfaidh ár bpróisis agus ár dteicneolaíochtaí láidir agus freagrúil. Beidh méadú tuartha ar ghalair a iompraíonn veicteoirí, mar thoradh ar athruithe aeráide agus gluaiseacht daonra, ag éileamh cumais tástála leathnaithe. Léiríonn cleachtas sábháilte fuilaitrith a choimeád faoi na coinníollacha seo ár dtiomantas d'athléimneacht, d'inoiriúnaitheacht agus don fhreagracht aeráide.

Tarluithe drochaimsire agus adhaimsire

Cuireann méadú ar mhinicíocht agus ar dhéine tarluithe adhaimsire riosca straitéiseach roimh ár gcumas chun fuil agus táirgí fola a bhailiú, a phróiseáil agus a dháileadh. Neartóimid creataí leanúnachais gnó agus téarnaimh ó thubaistí chun athléimneacht oibríochtúil agus leanúnachas seirbhíse a chinntiú i gcás drochaimsire. Trí athléimneacht aeráide a chur lenár mbonneagar, inár slabhraí soláthair agus inár bpleanáil fórsa saothair, cosnófar ár bhfeidhmeanna ríthábhachtacha agus coinneofar sábháilteacht fhuilaitrith náisiúnta.

Ag SFAÉ is é ár bhfís ná Todhchaí Níos Sláintiúla, á cothú ag gach deonú a athraíonn saol daoine



Todhchaí Níos Sláintiúla:

- > Táimid tiomanta do thorthaí sláinte othar a fheabhsú go leanúnach trí shábháilteacht, cáilíocht, inrochtaineacht agus éagsúlacht ár dtáirgí a fheabhsú.
- > Cinntimid go gcomhlíonann ár dtáirgí agus ár seirbhísí na caighdeáin rialála agus eiticíúla is airde go seasmhach, trí chórais láidre cáilíochta agus meon feabhsúcháin leanúnach a neadú ar fud ár n-oibríochtaí go léir.
- > Tacaímid lenár gcomhpháirtithe cúraim sláinte le cúram den scoth a sholáthar trínár saineolas clínicíúil a roinnt agus sainseirbhísí a chur ar fáil.
- > Leagann ár dtiomantas do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA béim ar ár dtiomantas fadtéarmach do shláinte agus folláine dhomhanda.
- > Is rogha straitéiseach é infheistiú inár gcumas lárnacha inniu – ag tógáil eagraíochta atá níos sláintiúla agus níos athléimní, réidh d'fhás agus do nuálaíocht luathaithe amach anseo.

Á chothú ag gach deonú:

- > Is le flaithiúlacht ár ndeontóirí deonacha, neamhíochta a chuireann ár seirbhís riachtanach cúram sláinte ar fáil
- > Is mór againn gach deontóir agus gach deonú.
- > Táimid tiomanta d'eispéireas an deontóra a fheabhsú trí dheonú a dhéanamh níos inrochtana agus níos éifeachtúla.
- > Táimid tiomanta dár ndeontóirí a chosaint, comhlíonadh eiticíúil a chinntiú, agus na caighdeáin cháilíochta is airde a choimeád le linn an deonaithe.

Deonú a athraíonn saol daoine:

- > Is comhpháirt ríthábhachtach den chúram sláinte ardchaighdeáin í gach deonú – bíodh sé fuil, plasma, pláitíní, gaschealla nó fíochán, agus tá an cumas aige saol daoine a shábháil nó a athrú.
- > Is orainn atá an fhreagracht soláthar leordhóthanach agus dea-mheaitseáilte a choimeád, ionas gur féidir linn freastal ar riachtanais éagsúla othar.
- > Coimeáidimid soláthar sábháilte, leordhóthanach agus ardchaighdeáin, atá bunaithe ar inrianaitheacht, ar chomhlíonadh rialála agus ar fhaireachas leanúnach ó dheonú go seachadadh.
- > Fásfaimid agus éagsúlóimid ár mbunachar deontóirí chun freastal ar gach pobal.
- > Féachaimid le bealaí a aimsiú chun ár mbunachar deontóirí a dhéanamh níos ionchuimsithí, pearsantú táirgí a fheabhsú, agus ár raon tairiscintí a leathnú chun freastal ar riachtanais atá ag athrú d'othair agus dár gcomhpháirtithe cúraim sláinte araon.
- > Bainfimid an leas is fearr as gach deonú – chun saol daoine a shábháil agus a fheabhsú inniu, agus chun taighde a chur chun cinn a d'fhéadfadh torthaí a athrú do dheontóirí agus d'othair an lae amárach.

Todhchaí Níos Sláintiúla – Straitéis SFAÉ, 2026 – 2030




Ár bhFís

Todhchaí Níos Sláintiúla, á cothú ag gach deonú a athraíonn saol daoine.



Ár Misean

Sábhálaimid agus feabhsáimid saol daoine trí sheirbhísí fola agus fíocháin ar ardchaighdeán a sholáthar ar bhealach inbhuanaithe – bunaithe ar dheontóirí flaitiúla, ar fhoirne oilte agus ar chomhpháirtíochtaí láidre cúraim sláinte.



Ár Luachanna

Is breá linn ár ndeontóirí. Cuirimid feabhas ar shaol othar, le chéile. Tugaimid ceannaireacht le dea-shampla. Déanaimid ár ndícheall barr feabhais a bhaint amach. Is SFAÉ amháin sinn.

Fás agus Éagsúlú

Fásfaimid agus éagsúlóimid ár mbunachar deontóirí, táirgí agus seirbhísí chun freastal ar riachtanais othar agus ar riachtanais ár gcomhpháirtithe cúraim sláinte.

Cuspóirí

Deonú a dhéanamh simplí agus inrochtana

Fás agus ionchuimsiú an bhunachair deontóirí a mhéadú trí rannpháirtíocht spriocdhírthe agus trí chomhpháirtíochtaí a ghíaráil

Córais náisiúnta a bhunú agus a leathnú le haghaidh deonú plasma agus coirne chun soláthar a dhaingniú

Athléimneacht Oibríochtúil a Bharrfheabhsú

Barrfheabhsóimid ár n-athléimneacht oibríochtúil, agus cinnteoidimid bonn láidir le haghaidh fáis inbhuanaithe.

Cuspóirí

Ár mbonneagar fisiciúil agus digiteach a uasghrádú

Próisis a chuíchóiriú chun éifeachtúlacht oibríochtúil a fheabhsú

Ár gcumas a fhorbairt chun leas a bhaint as sonraí chun pleanáil, tuar, ullmhú agus feidhmiú

Comhlíonadh rialála a choimeád i dtimpeallacht rialála atá ag athrú

Ár bhFórsa Saothair a ullmhú don Todhchaí

Ullmhóimid ár bhfórsa saothair don todhchaí, ag cur ar chumas ár ndaoine freastal ar éilimh an lae amárach trí infheistíocht leanúnach inár nDaoine, inár gCultúr agus inár gCumais.

Cuspóirí

Fórsa saothair a thógáil don todhchaí

Cur lenár gcultúr chun tacú le feabhsú leanúnach agus le nuálaíocht

Eispéiris shaibhre a chruthú le chéile chun feabhas a chur ar shástacht agus ar fholláine agus chun freastal ar ionchais fostaithe idir óg agus aosta

Nuálaíocht Spriocdhírthe a Chur chun Cinn

Cuirfimid chun cinn nuálaíocht spriocdhírthe chun dúshláin thosaíochta a réiteach trí leas a bhaint as léargais ar thaighde, comhpháirtíochtaí straitéiseacha, agus píolótaí faoi stiúir fostaithe.

Cuspóirí

Comhoibriúcháin agus cumais Taighde agus Forbartha a chur chun cinn

Leas a bhaint as ár gcomhpháirtíochtaí cliniciúla agus eolaíochta chun dea-chleachtas i gcúram othar a chur chun cinn

Struchtúir chumasaithe a bhunú chun nuálaíocht ar scála beag a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic le dúshláin tosaíochta

Ár mbunachar Deontóirí, ár dtáirgí agus ár Seirbhísí a Fhás agus a Éagsúlú

Fásfaimid agus éagsúlóimid ár mbunachar deontóirí, ár dtáirgí agus ár seirbhísí chun freastal ar riachtanais othar agus ar riachtanais ár gcomhpháirtithe cúraim sláinte.

Cén fáth go bhfuil sé tábhachtach: Is acmhainn ghann ar fud an domhain iad táirgí fola agus fíocháin, rud a fhágann go bhfuil inbhuanaitheacht agus slándáil an tsoláthair ríthábhachtach do chúram a shábhálann beatha. In Éirinn, tá méadú seasta tagtha ar an éileamh ar chealla dearga le cúig bliana anuas, go háirithe ar aonaid RhD diúltacha. Tugann deontóirí fuil ar an meán 1.7 uair sa bhliain, agus tugann deontóirí níos óige níos lú go comhréireach. Ní léiríonn ár ndaonra deontóirí éagsúlacht phobal na hÉireann i gcoitinne a thuilleadh. Ós rud é go bhfuil nasc géiniteach idir fuilghrúpaí agus eitneacht, cuireann sé seo teorainn lenár gcumas freastal ar riachtanais othar a bhfuil riachtanais fuiláistrithe neamhchoitianta nó casta acu. Chun dul i ngleic leis na dúshláin seo, oibreoidimid go dlúth le comhpháirtithe sa chóras sláinte chun tacú le cleachtas cliniciúil seasmhach agus éifeachtach, agus ag an am céanna ár mbunachar deontóirí a leathnú agus a éagsúlú. Trí dheontóirí nua agus níos óige ó gach cúlra a mhealladh, is féidir linn deontóirí a mheaitseáil níos fearr le hothair agus torthaí a fheabhsú. Leathnóimid freisin ár dtáirgí agus ár seirbhísí, le béim ar aifréis fuilphlasma agus ar chur le Banc Súl na hÉireann, chun neamhthuilleamaíocht náisiúnta a fheabhsú, spleáchas ar shlabhraí soláthair idirnáisiúnta leochaileacha a laghdú, agus athléimneacht fhadtéarmach na hÉireann agus comhlíonadh leis an dea-chleachtas domhanda i gcáilíocht agus i sábháilteacht a neartú.

Athléimneacht Oibríochtúil a Bharrfheabhsú

Barrfheabhsóimid ár n-athléimneacht oibríochtúil, agus cinnteoidimid bonn láidir le haghaidh fáis inbhuanaithe.

Cén fáth go bhfuil sé tábhachtach: Braitheann ár gcomhpháirtithe cúraim sláinte orainn chun táirgí fola agus fíocháin ar ardchaighdeán, bailíochtaithe go cliniciúil, agus sainseirbhísí a sholáthar — go hiontaoifa, go sábháilte agus gan bhriseadh — rud a chuireann ar a gcumas cúram othar a shábhálann saol daoine a chur ar fáil. Tá athrú agus suaiteacht inár dtimpeallacht oibríochtúil ag dul i luas agus i méid, agus caithfimid a bheith réidh chun freagairt do cibé dúshláin a thagann chun cinn. Trínár mbonneagar fisiciúil agus digiteach a nuachóiriú, próisis a chuichóiriú, agus leas níos fearr a bhaint as sonraí, cruthóimid acmhainn bhreise chun freagairt do dhúshláin gan choinne agus chun oiriúnú níos tapúla don athrú. Neartóidh sé seo ár mbunchlocha lárnacha chun athléimneacht a chinntiú agus sinn ag freagairt do riachtanais athraithe, agus ag díriú ar ár bpríomhchuspóir mar ghníomhaireacht iontaoifa na hÉireann a bhfuil freagracht reachtúil uirthi as soláthar fola na tíre. Braitheann muintir na hÉireann orainn agus sinn ag soláthar seirbhísí fola agus fíocháin ardchaighdeán go hinbhuanaithe gach lá.

Ár nDaoine, ár gCultúr agus ár gCumais a ullmhú don todhchaí

Ullmhóimid ár bhfórsa saothair don todhchaí, ag cur ar chumas ár ndaoine freastal ar éilimh an lae amárach trí infheistíocht leanúnach inár nDaoine, inár gCultúr agus inár gCumais.

Cén fáth go bhfuil sé tábhachtach: Is iad ár bhfoirne oilte agus tiomanta atá mar bhunús lenár seirbhísí fola agus fíocháin ardchaighdeán. Le breis agus 640 gairmí cumasach ó réimsí éagsúla – leighis, altranais, eolaíochta, gnó agus teicneolaíochta – bímid ag brath ar shaineolas ár bhfoirne gach lá. Táimid ag feidhmiú i margadh saothair atá ag éirí níos iomaíche, áit a bhfuil ionchais níos airde ag fostaithe maidir le solúbthacht, bealaí gairme, folláine agus deiseanna d'fhorbairt leanúnach. Chun leanúint ar aghaidh ag earcú, ag coinneáil agus ag forbairt na scileanna éagsúlacha agus speisialaithe atá riachtanach don rath, ní mór dúinn leanúint ar aghaidh le hinfeistíocht straitéiseach a dhéanamh inár ndaoine, inár gcultúr agus inár gcumais. Ciallaíonn sé seo cultúr bunaithe ar luachanna a chothú a thacaíonn le feabhsú leanúnach agus le nuálaíocht, ceannaireacht atá dírithe ar an todhchaí a fhorbairt, scileanna agus inniúlachtaí digiteacha agus sonraí a neartú ag gach leibhéal, agus timpeallacht oibre shláintiúil inbhuanaithe a chothú. Ní mór dúinn a chinntiú go bhfanann ár ndaoine athléimneach, solúbtha agus ullamh chun dul i ngleic le héilimh reatha agus le dúshláin atá ag teacht chun cinn, ionas gur féidir leo leanúint ar aghaidh ag imirt tionchair dhearfach ar ár bpobail anois agus sa todhchaí. Glacaimid le comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú de réir ár ndualgais san earnáil phoiblí.

Nuálaíocht spriocdhírthe a chur chun cinn

Cuirfimid nuálaíocht spriocdhírthe chun cinn chun dúshláin thosaíochta a réiteach trí leas a bhaint as léargais ar thaighde, comhpháirtíochtaí straitéiseacha agus píolótaí faoi stiúir fostaithe.

Cén fáth go bhfuil sé tábhachtach: Tá bonn láidir i gcáilíocht, i rialachas agus i bhfeabhas oibríochtúil riachtanach chun muinín a choimeád, soláthar a chosaint, agus torthaí seasmhacha ar ardchaighdeán a sholáthar. Ní mór dúinn díriú ar ár mbunchlocha lárnacha a neartú chun oibríochtaí níos athléimní a chur ar fáil, ar féidir leo freastal go hinbhuanaithe ar riachtanais athraitheacha othar agus ár gcomhpháirtithe cúraim sláinte. Mar sin féin, ní mór dúinn timpeallacht a chruthú a chuireann chun cinn nuálaíocht spriocdhírthe chun a chinntiú go bhféadfaimid leas a bhaint as deiseanna le haghaidh athraithe agus forbartha amach anseo.



Ár mbunachar deontóirí, ár dtáirgí agus ár seirbhísí a fhás agus a éagsúlú

Fásfaimid agus éagsúlóimid ár mbunachar deontóirí, ár dtáirgí agus ár seirbhísí chun freastal ar riachtanais othar agus ar riachtanais ár gcomhpháirtithe cúraim sláinte.

Cuspóirí

1.1 Deonú a dhéanamh simplí agus inrochtana

1.2 Fás agus ionchuimsiú an bhunachair deontóirí a mhéadú trí rannpháirtíocht spriocdhírthe agus trí chomhpháirtíochtaí a ghairáil

1.3 Córais náisiúnta a bhunú agus a leathnú le haghaidh deonú plasma agus coirne chun soláthar a dhaingniú

Chun ár gcuspóirí a bhaint amach, déanfaimid:

- > Samhail oibriúcháin nua do sheirbhísí deontóirí agus bailithe a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear feabhsuithe ar phróisis clinice chun próiseas deonaithe éifeachtúil agus cuíchóirithe a chumasú
- > Straitéis maidir le deontóirí bunaithe ar shonraí agus treoraithe go cliniúil a fhorbairt, le spriocanna ailínithe chun tacú le soláthar fola inbhuanaithe
- > Infheistiú i gcumas nua margaíochta, i gcomhpháirtíochtaí agus i gcóras bainistíochta caidrimh le deontóirí chun freastal ar riachtanais an bhunachair deontóirí éagsúil
- > Leas a bhaint as feidhmchláir dhigiteacha chun idirghníomhaíochtaí le deontóirí agus a n-eispéireas a fheabhsú
- > Infheistiúocht a chinntiú chun bailiú plasma foinseach a bhunú le haghaidh cógais

Beidh a fhios againn gur éirigh linn:

- > Nuair a bheidh ár mbunachar deontóirí gníomhach níos mó, níos éagsúla agus níos gaire do riachtanais an éilimh
- > Nuair a choimeádfaimid leibhéil stoc fola agus pláitíní ag an leibhéal cuí
- > Nuair a bheimid in ann freastal níos fearr ar riachtanais speisialaithe othar fuilaithe ó chúlraí éagsúla, rud a chuirfidh le torthaí sláinte níos fearr
- > Nuair a bheidh sástacht ár ndeontóirí ard i gcónaí





Athléimneacht Oibríochtúil a Bharrfheabhsú

Barrfheabhsóimid ár n-athléimneacht oibríochtúil, agus cinnteoidimid bonn láidir le haghaidh fáis inbhuanaithe. Trí oibríochtaí nua-aimseartha, cuíchóirithe agus bunaithe ar shonraí, cruthóimid acmhainn bhreise chun freagairt go solúbtha do dheiseanna forbartha agus d'imeachtaí gan choinne, chun slabhra soláthair iontaofa a chinntiú a thacaíonn le cúram othar.

Cuspóirí

- 2.1 Ár mbonneagar fisiciúil agus digiteach a uasghrádú
- 2.2 Próisis a chuíchóiriú chun éifeachtúlacht oibríochtúil a fheabhsú
- 2.3 Ár gcumas a fhorbairt chun leas a bhaint as sonraí chun pleanáil, tuar, ullmhú agus feidhmiú
- 2.4 Comhlíonadh rialála a choimeád i dtimpeallacht rialála atá ag athrú

Chun ár gcuspóirí a bhaint amach, déanfaimid:

- > Ár nIonad SFAÉ i gCorcaigh a athfhorbairt chun áis shaintógtha neodrach ó thaobh carbóin de a chur ar fáil, le spás clinic agus acmhainn theagmhasach atá feabhsaithe
- > Ár mbonneagar digiteach a nuachóiriú trí ghníomhartha a chur i gcrích atá ailínithe lenár dtreochlár maidir lenár gcumas digiteach agus sonraí
- > Córas nua leictreonach Bainistíochta Cáilíochta agus Córas Gréasáin Ordaithe Ospidéal a chur i bhfeidhm chun tacú leis na príomhphróisis ghnó trí chórais nua-aimseartha agus slána
- > Ionad Barr Feabhais Lean a bhunú agus Lean a chur i bhfeidhm ar scála mór
- > Rialachán SoHO a chur i bhfeidhm chun caighdeánú a fheabhsú agus comhar trasteorann a neartú chun leanúnachas soláthair, ullmhacht i leith géarchéimeanna, agus freagairt

Beidh a fhios againn gur éirigh linn:

- > Nuair a bheidh feabhas curtha againn ar tháirgiúlacht agus ar fheidhmíocht fhoriomlán
- > Nuair bheidh ár n-oibríochtaí slán, cobhsaí, inbhuanaithe agus comhlíontach
- > Nuair nach gcuirfeadh isteach ar ár seirbhísí de bharr teipeanna inár slabhraí soláthair, inár dteicneolaíocht ná inár n-eastáit
- > Nuair a bheidh feabhas curtha againn ar ár gcumas freagairt do shuaití sa chóras agus do dhúshláin a bhaineann le leanúnachas gnó
- > Nuair a úsáidfimid léargas sonraí go rialta chun éifeachtúlachtaí a bhaint amach agus a léiriú
- > Nuair a bheidh feabhas curtha againn ar an am seachadta do thionscnaimh thosaíochta





Ár nDaoine, ár gCultúr agus ár gCumais a ullmhú don todhchaí



Tógfaimid fórsa saothair atá réidh don todhchaí – lucht a bhfuil na scileanna acu agus atá cumhachtaithe chun rath a bhaint amach inniu, agus atá ullmhaithe chun dul i ngleic le dúshlán an lae amárach trí infheistíocht leanúnach inár nDaoine, inár gCultúr agus inár gCumais. Déanfaimid ár ndícheall a bheith inár n-eagraíocht inbhuanaithe atá ag foghlaim agus ag forbairt inar féidir lenár ndaoine bláthú leis an meon agus na cumais chearta.

Cuspóirí

3.1 Fórsa saothair a thógáil don todhchaí

3.2 Cur lenár gcultúr chun tacú le feabhsú leanúnach agus le nuálaíocht

3.3 Eispéiris shaibhre a chruthú le chéile chun feabhas a chur ar shástacht agus ar fholláine agus chun freastal ar ionchais fostaithe idir óg agus aosta.

Chun ár gcuspóirí a bhaint amach, déanfaimid:

- > Creat scileanna agus cumais a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear iniúchtaí scileanna chun bearnaí scileanna a aithint agus treoclár tallainne atá réidh don todhchaí, dírithe ar an gcustaiméir agus chun cinn ó thaobh teicneolaíochta de.
- > Clár forbartha spriocdhírthe a dhearadh – infheistiú i bhfoghlaim shaincheaptha a thugann na scileanna agus an cumas dár ndaoine, le tosaíocht don chlár ceannaireachta atá ag teacht chun cinn, Lean Six Sigma, litearthacht dhigiteach agus anailísíocht sonraí méadaithe
- > Forbairt feidhmíochta a bharrfeabhsú trí rochtain dhigiteach ar dtús a sholáthar ar chonairí foghlama éigeantacha agus pearsanta
- > Ár luachanna a thabhairt chun beatha trí chóras aitheantais bunaithe ar luachanna a leabú ar fud na heagraíochta
- > Glacadh le héagsúlacht agus ionchuimsiú trí bheartais agus tionscnaimh EDI a chomhchruthú a fhreagraíonn d'ionchais ár bhfostaithe atá ag athrú

Beidh a fhios againn gur éirigh linn:

- > Nuair a bheidh na scileanna, na hacmhainní agus na cumais chearta againn chun freastal ar riachtanais reatha agus riachtanais atá ag teacht chun cinn
- > Nuair a mheallfaimid, coinneoidimid agus forbróimid ár dtallann don todhchaí
- > Nuair a leanfaimid orainn ag maireachtáil de réir ár luachanna
- > Nuair a leabóimid, chumhachtóimid agus aithneoidimid feabhsú leanúnach, nuálaíocht agus folláine



Nuálaíocht spriocdhírthe a chur chun cinn

Cuirfimid chun cinn nuálaíocht spriocdhírthe chun dúshlán tosaíochta a réiteach trí leas a bhaint as léargais ar thaighde, comhpháirtíochtaí straitéiseacha, agus píolótaí faoi stiúir fostaithe. Trí chultúr a chothú ina mbíonn nuálaíocht chomhoibríoch agus réiteach fadhbanna cruthaitheach rathúil, cuirfimid dlús le réitigh phraiticiúla a dhéanann tionchar suntasach inár n-eagraíocht, inár ndeontóirí agus inár gcomhpháirtithe.

Cuspóirí

- 4.1 Comhoibriúcháin agus cumais Taighde agus Forbartha a chur chun cinn
- 4.2 Leas a bhaint as ár gcomhpháirtíochtaí cliniciúla agus eolaíochta chun dea-chleachtas a gcúram othar a chur chun cinn
- 4.3 Struchtúir chumasaithe a bhunú chun nuálaíochtaí ar scála beag a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic le dúshlán tosaíochta

Chun ár gcuspóirí a bhaint amach, déanfaimid:


- > Éiceachóras taighde inscálaithe agus ardfeidhmíochta a fhorbairt trí shamhail oibriúcháin seachadta taighde, próisis láidre bainistíochta sonraí agus ábhar, uirlisí tacaíochta taighde agus spás taighde agus nuálaíochta den scoth a shainiú
- > Dul chun cinn i gcomhpháirtíochtaí taighde atá ailínithe le réimsí tosaíochta
- > Ár gcomhoibrithe leis an tseirbhís sláinte a neartú, agus ár ról a fhorbairt mar cheannaire iontaofa san earnáil agus mar lárionad barr feabhais do chomhairle agus treoir chliniciúil i leigheas agus eolaíocht an fhuilistriúcháin
- > Bealaí struchtúrtha a chruthú d'fhostaithe chun réitigh chruthaitheacha ar dhúshlán oibríochtúla a mholadh, a thriail agus a leathnú

Beidh a fhios againn gur éirigh linn nuair:

- > Nuair a bheidh méadú tagtha ar ár gcumas agus ar ár n-aschur i dtaighde feidhmeach agus i nuálaíocht
- > Nuair a bheidh fianaise taighde comhtháite againn i straitéisí rannpháirtíochta, i dtreoirínte cliniciúla agus i gcleachtas
- > Nuair a bheidh feabhas curtha againn ar ghlacadh leis an dea-chleachtas i mbainistíocht fola othar ar fud chóras sláinte na hÉireann
- > Nuair a bheimid tar éis aghaidh a thabhairt ar dhúshlán oibríochtúla maidir le soláthar seirbhísí trí nuálaíocht faoi stiúir fostaithe



Ár n-uailmhianta a bhaint amach – Cur i bhFeidhm Straitéise



Seiceamhú agus Céimniú

Le linn shaolré na straitéise, athróidh ár bhfócas ar fud na réimsí spriocanna straitéiseacha. Déanfar príomhthionscnaimh a mhapáil thar thrí chéim sa timthriall straitéise, le fócas agus torthaí inbhainte soiléire do gach bliain agus céim den seachadadh.

**Céim
1**

**Neartú agus Ullmhú
(2026 – 2027)**

Obair bhunúsach láithreach

**Tógáil agus Scálú
(2027 – 2029)**

Príomh-sheachadadh na dtionscnamh

**Céim
2**

**Céim
3**

**Leabú agus Barrfheabhsú
(2029 – 2030)**

Comhdhlúthú agus feabhsú

Pleanáil Ghnó Bhliantúil

In Todhchaí Níos Sláintiúla – Straitéis SFAÉ, 2026–2030, leagtar síos creat do SFAÉ chun athrú straitéiseach a chur i gcrích i roinnt príomhréimsí. Chun príomheilimintí na straitéise a chur i gcrích, forbróidh SFAÉ pleananna gnó bliantúla mionsonraithe. Cuirfidh an plean gnó bliantúil ár ngníomhaíochtaí i láthair faoi gach ceann de na réimsí fócais straitéiseacha de Straitéis SFAÉ, le spriocanna sonracha intomhaiste don bhliain atá romhainn. Cuirfidh an timthriall pleanála bliantúil seo ar ár gcumas a bheith solúbtha agus freagrúil inár gcur chuige seachadta, chun freagairt do cheisteanna agus do dheiseanna atá ag teacht chun cinn, agus sinn ag coimeád ár bhfócais straitéisigh.

Athbhreithniú Lár-Straitéise

Déanfar athbhreithniú lár-straitéise lenár mBord i **Ráithe 3 2027**.

Rialachas agus maoirseacht

Déanfaimid rianú agus monatóireacht ar dhul chun cinn maidir le Straitéis SFAÉ a sheachadadh trí chreat bainistíochta feidhmíochta an Bhoird agus foilseoidimid agus déanfaimid dul chun cinn a nuashonrú inár dtuarascáil bhliantúil. Déanfar tuairisciú ón mBord faoi dhó sa bhliain.

Toimhdí

Ullmhaíodh ár straitéis i gcomhairle le raon leathan dár bpáirtithe leasmhara. Tá an straitéis seo forbartha againn bunaithe ar an treo is fearr, dar linne, do SFAÉ. Tá roinnt toimhdí déanta againn bunaithe ar an timpeallacht eacnamaíoch reatha, ar an mbuiséad náisiúnta, agus ar ár n-acmhainní agus ár gcumas inmheánacha féin. Glactar leis go ndéanfaimid an infheistíocht chaipitiúil riachtanach a úsáid i straitéisí le haghaidh fáis trí dhul i dteagmháil go réamhghníomhach lenár máthair-Roinn agus trí chásanna gnó láidre bunaithe ar fhianaise a ullmhú.



Irish Blood
Transfusion Service

Seirbhís Fuilaidriúcháin na hÉireann

National Blood Centre
Lárionad Náisiúnta Fola

giveblood.ie

Blood is in Constant Demand

A⁺ A⁻ B⁺ B⁻ AB⁺ AB⁻ O⁺ O⁻



